**Comhairle an Aontais Eorpaigh**
An Ardrúnaíocht

**An Bhruiséil, 13 Aibreán 2021**

**CM 2641/21**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0231(COD)**

| | |
|---|---|
| **CODEC** | **AGRILEG** |
| **COMPET** | **SAN** |
| **MI** | **DENLEG** |
| **IND** | **PHYTOSAN** |
| **CONSOM** | **SEMENCES** |
| **JUSTCIV** | **STATIS** |
| **AGRI** | **ECOFIN** |
| **AGRIFIN** | **CADREFIN** |
| **VETER** | **PROCED** |

# TEACHTAIREACHT

## AN NÓS IMEACHTA I SCRÍBHINN

| | |
|---|---|
| Teagmháil: | Alejandro.DiazBlanco@consilium.europa.eu<br>codecision.adoption@consilium.europa.eu |
| Teil/Facs: | +32.2.281.43.93 |
| Ábhar: | Dréacht-Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear clár don mhargadh inmheánach, d'iomaíochas fiontar, lena n-áirítear fiontair bheaga agus mheánmhéide, don réimse plandaí, ainmhithe, bia agus beatha, agus don staidreamh Eorpach (Clár an Mhargaidh Aonair), agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 99/2013, (AE) Uimh. 1287/2013, (AE) Uimh. 254/2014 agus (AE) Uimh. 652/2014<br>– Glacadh an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh agus an ráitis ar chúiseanna na Comhairle<br>– Toradh an nós imeachta i scríbhinn arna thionscnamh le CM 2428/21 |

Cuirtear in iúl do na toscaireachtaí gur tugadh an nós imeachta i scríbhinn, a osclaíodh le CM 2428/21 Dé Máirt, an 6 Aibreán 2021, chun críche Dé Máirt, an 13 Aibreán 2021, agus gur vótáil na toscaireachtaí uile i bhfabhar ghlacadh an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh maidir leis an dréacht-Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear clár don mhargadh inmheánach, d'iomaíochas fiontar, lena n-áirítear fiontair bheaga agus mheánmhéide, don réimse plandaí, ainmhithe, bia agus beatha, agus don staidreamh Eorpach (Clár an Mhargaidh Aonair), agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 99/2013,

(AE) Uimh. 1287/2013, (AE) Uimh. 254/2014 agus (AE) Uimh. 652/2014, mar a leagtar amach in 14281/20 + COR 1 é, agus ghlacadh an ráitis ar chúiseanna na Comhairle mar a leagtar amach san ADD 1 + COR 1 a ghabhann leis an doiciméad sin.

Sroicheadh an tromlach cáilithe is gá. Dá bhrí sin, glactar an seasamh thuasluaite ón gComhairle ar an gcéad léamh agus an ráiteas ar chúiseanna na Comhairle.